Déardaoin 24. Samhain 2022

P9_TA(2022)0411

Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachta

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2022 ar an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta
(COM(2022)0596 – C9-0374/2022 – 2022/0370(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2023/C 167/33)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún chuig an Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0596),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 322(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0374/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ón gCúirt Iniúchóirí an 22 Samhain 2022 ([1]),

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 16 Samhain 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2022)0370

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Samhain 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE, Euratom) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434.)

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.